# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2022

# Scéim Mharcála

# Gaeilge

## Gnáthleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Is éard atá sa cháipéis fhoilsithe seo ná an scéim chríochnaithe mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

**Páipéar I (160 marc)**

| Cuid I | An Chluastuiscint | 60 marc |
|---|---|---|

| | | |
|---|---|---|
| **(i)** | Tuiscint | = **60** marc |
| **(ii)** | Cumas Gaeilge | - **(0-6)** |
| **(iii)** | **Iomlán** | = |

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Cuid A:** | **24 marc (Eolas)** | | |
| Fógra 1: | 3 mharc x 4 | = | 12 mharc |
| Fógra 2: | 3 mharc x 4 | = | 12 mharc |
| | **12 + 12** | **=** | **<u>24 marc</u>** |
| **Cuid B:** | **24 marc (Eolas)** | | |
| Comhrá 1: | 3 mharc x 4 | = | 12 mharc |
| Comhrá 2: | 3 mharc x 4 | = | 12 mharc |
| | **12 + 12** | **=** | **<u>24 marc</u>** |
| **Cuid C:** | **12 mharc (Eolas)** | | |
| Píosa 1: | 3 mharc x 2 | = | 6 mharc |
| Píosa 2: | 3 mharc x 2 | = | 6 mharc |
| | **6 + 6** | **=** | **<u>12 mharc</u>** |

**<u>24 + 24 + 12 = 60</u>**

**Bainfear ó 0 go 6 ar chaighdeán na Gaeilge.**

# An Triail Chluastuisceana

## Cuid A

### Fógra a hAon (Canúint na Mumhan)

Seo fógra ó TG4. Tá láithreoir spóirt á lorg ag TG4 chun an clár 'Ar an Taobhlíne' a chur i láthair. Beidh an duine a cheapfar i láthair ag cluichí de chuid Chumann Lúthchleas Gael i staideanna éagsúla ar fud na tíre ag an deireadh seachtaine. Ar an gclár, pléifidh an láithreoir scileanna na n-imreoirí, caighdeán na himeartha agus deiseanna scórála sna cluichí le painéal saineolaithe. Fógróidh an láithreoir laoch na himeartha i ndiaidh na gcluichí. Ar na cáilíochtaí atá riachtanach don phost seo, tá céim san iriseoireacht, líofacht sa Ghaeilge agus eolas maith ar na cluichí gaelacha. Is é an tuarastal ná seasca míle euro sa bhliain. Tá gach eolas faoin bpost seo le fáil ag www.tg4.ie. Is é an naoú lá déag de mhí Lúnasa an dáta deireanach le haghaidh na n-iarratas.

### Fógra a Dó (Canúint Uladh)

Seo fógra ó Choiste Glas Scoil an Droichid. Beidh Lá Gníomhaíochta ar son na hAeráide á eagrú sa scoil Dé Céadaoin seo chugainn. Is é téama an lae speisialta seo ná cén dóigh ar féidir lorg carbóin na scoile a laghdú. Iarrfar ar gach scoláire siúl nó rothaíocht ar scoil an lá sin. Eagrófar díospóireachtaí ranga do na scoláirí sóisearacha agus pléifidh siad téama an bhruscair sna díospóireachtaí sin. Taispeánfar scannán dar teideal 'Ár bPláinéad i mBaol' do na scoláirí sinsearacha ar a haon déag a chlog. Ag am lóin, ní bheidh cead ag na scoláirí buidéil phlaisteacha a thabhairt isteach sa cheaintín leo. Eagrófar ceardlanna éagsúla do na scoláirí i rith an lae. Sna ceardlanna sin, pléifear an athchúrsáil, caomhnú fuinnimh, cur amú bia agus dramhaíl phlaisteach.

## Cuid B

### Comhrá a hAon (Canúint Chonnacht)

**An Chéad Mhír**

**Ciara:** Haigh, a Sheáin, cén chaoi a bhfuil tú? Aon scéal?

**Seán:** Bhuel, a Chiara, tá dea-scéal agam duit. D'éirigh liom i mo thriail tiomána. Tá mé an-sásta liom féin.

**Ciara:** Comhghairdeas leat, a Sheáin. Tá sé sin go hiontach. Cén uair a rinne tú an triail tiomána?

**Seán**: Rinne mé inné í.

**Ciara:** Tá mé in éad leat. Tá do cheadúnas tiomána agat anois. Nach breá duit?

**Seán:** An bhfuil tú féin ag tiomáint fós, a Chiara?

**Ciara:** Bhuel, a Sheáin, tá an tástáil teoirice déanta agam agus tá ceadúnas foghlaimeora agam. Bhí mo bhreithlá ann coicís ó shin agus d'íoc mo thuismitheoirí as ceachtanna tiomána dom mar bhronntanas.

**Seán:** Tá an t-ádh leat, a Chiara. Bhí ormsa íoc as mo cheachtanna féin i rith na bliana.

**Ciara:** Cé a thug na ceachtanna tiomána duit?

**Seán**: Teagascóir sa scoil tiomána áitiúil a thug dom iad. Mholfainn go mór é mar chuir sé ar mo chompord mé agus mhínigh sé gach rud go soiléir dom.

**An Dara Mír**

**Ciara:** An gceannóidh tú do charr féin anois?

**Seán:** Ní cheannóidh mar níl aon airgead agam. Chomh maith leis sin, ní bheinn ábalta carr a choinneáil ar an mbóthar mar tá an t-árachas róchostasach agus tá praghas an bhreosla ag ardú an t-am ar fad.

**Ciara**: Ach nach mbeadh sé áisiúil do charr féin a bheith agat agus tú ar an ollscoil i mBaile Átha Cliath?

**Seán:** Ní bheadh. Níl aon ghá agam le carr agus mé ar an ollscoil mar tá stáisiún Luas gar do mo lóistín i mBaile Átha Cliath. Chomh maith leis sin, tá seirbhís rialta bus ón áit ina bhfuil mo lóistín go dtí an ollscoil. Tá cárta taistil do mhic léinn agam agus faighim lacáiste sna táillí taistil.

**Ciara:** Nach méanar duit. Tá cónaí ormsa faoin tuath, mar is eol duit, a Sheáin. Tá mé ag tnúth go mór le mo charr féin a bheith agam. Ba bhreá liom a bheith neamhspleách ar mo thuismitheoirí mar bím i gcónaí ag brath orthu chun síob a thabhairt dom i ngach áit.

**Seán:** Déan deifir mar sin agus faigh ceachtanna tiomána a luaithe agus is féidir leat. Go n-éirí leat, a Chiara.

## Comhrá a Dó (Canúint na Mumhan)

**An Chéad Mhír**

**Pól:** Heileo, a Mháire. Féach ar na málaí ar fad atá agat. Caithfidh go raibh tú ag siopadóireacht.

**Máire:** Bhí, cinnte. Bhí mé i gCorcaigh ag siopadóireacht. Téim ann go minic mar is ansin atá na siopaí éadaí is fearr liom.

**Pól:** Cad a cheannaigh tú?

**Máire:** Cheannaigh mé bróga reatha agus sciorta. Agus, a Phóil, cheannaigh mé an cóta dearthóra seo atá á chaitheamh agam.

**Pól:** Ó, in ainm Dé, cóta dearthóra. Cé mhéad a chosain an cóta sin?

**Máire:** Thug mé seachtó euro air agus bhí mé an-sásta leis an bpraghas sin. I siopa carthanachta de chuid Chumann Naomh Uinseann de Pól a cheannaigh mé é.

**Pól:** Bíonn margaí maithe ar fáil i siopaí carthanachta go minic. Nuair a ghlanaim amach mo vardrús, aon rud nach mbíonn ag teastáil uaim, tugaim chuig siopa carthanachta é.

**An Dara Mír**

**Máire:** Cá gceannaíonn tusa do chuid éadaí, a Phóil?

**Pól:** Is ar líne is mó a cheannaím mo chuid éadaí na laethanta seo, a Mháire. Tá a lán buntáistí ag baint le bheith ag siopadóireacht d’éadaí ar líne. Is féidir liom éadaí a cheannach aon am is maith

liom gan bogadh as mo theach. Tá éagsúlacht mhór éadaí le fáil ar na suíomhanna difriúla. Chomh maith leis sin, tagann na beartáin éadaí díreach chuig mo theach féin.

**Máire:** Ní bhíonn an t-ádh liom riamh nuair a cheannaím éadaí ar líne. Cheannaigh mé geansaí ar líne le déanaí. Nuair a chuir mé orm é, bhí an mhéid mícheart agus níor thaitin an t-éadach liom. Bhí orm é a sheoladh ar ais.

**Pól:** Is annamh a bhíonn orm aon ní a cheannaím ar líne a sheoladh ar ais. Ach bíonn dhá insint ar gach scéal i gcónaí.

**Máire:** Tá an ceart ar fad agat, a Phóil. B'fhearr go mór liom lá a chaitheamh sna siopaí ag ceannach mo chuid éadaí seachas a bheith ag brabhsáil ar líne dóibh. Caithfidh mé imeacht abhaile anois. Slán go fóill.

## Cuid C

### Píosa a hAon (Canúint Uladh)

Sheol an rialtas polasaí nua dar teideal 'Tithíocht do Chách' i mí Mheán Fómhair seo caite. Is é an aidhm atá le polasaí nua an rialtais ná dul i ngleic le géarchéim na tithíochta sa tír seo. Tá maoiniú de bhreis is fiche billiún euro curtha ar fáil don pholasaí nua seo. I measc na ngníomhartha atá sa pholasaí seo, déanfar infheistíocht le níos mó tithe ar phraghas réasúnta a thógáil agus an soláthar de thithíocht shóisialta a mhéadú. Creideann an rialtas go mbeidh torthaí fiúntacha ar na gníomhartha sa pholasaí nua seo, go mbeidh deireadh le fadhb na heaspa dídine faoin mbliain 2030 agus go gcruthófar sochaí níos cothroime do gach duine sa tír.

### Píosa a Dó (Canúint Chonnacht)

Tá aitheantas bainte amach ag Dónall Ó Héalaí as cumas a chuid aisteoireachta sa scannán Gaeilge *Arracht.* Tá an scannán suite i gConamara le linn an Ghorta Mhóir. Glacann Dónall Ó Héalaí páirt an charachtair Colmán Ó Searcaigh sa scannán. Cuirtear coir i leith Cholmáin, coir nach ndearna sé. Seasann sé an fód i gcoinne na héagóra agus iompaítear a shaol bunoscionn. Rugadh agus tógadh Dónall Ó Héalaí in Indreabhán i nGaeltacht Chonamara. Leis an gclub óige áitiúil a thosaigh sé ag aisteoireacht den chéad uair nuair a bhí sé ceithre bliana déag d'aois. Bhí Dónall Ó Héalaí an-bhródúil as páirt a bheith aige sa scannán *Arracht* mar rinneadh an scannán ina cheantar dúchais féin, agus bhí deis aige a bheith ag aisteoireacht trí mheán na Gaeilge.

## Na Siombailí Anótála Marcála

| Siombailí Anótála | Cur Síos | Arna Léiriú |
|---|---|---|
| ✔ | Tic bán | Eolas bailí/ceart/ábhartha |
| 0 | Náid bronnta | Freagra/eolas mícheart |
| 〰 | Líne chorrach chothrománach | Líne faoi earráid teanga/ghramadaí/litrithe |
| _ | Gan freagra<br>GF/NR | Níor freagraíodh an cheist/an mhír |

*Cuid A (24 marc)*

**FÓGRA A hAON (12 mharc)**

**1.** **(a)** Cé a chuir amach an fógra seo? **3 mharc**

TG4 = 3 mharc

**(b)** Cén t-ainm a bheidh ar an gclár a chuirfidh an duine i láthair? **3 mharc**

Ar an Taobhlíne = 3 mharc

**2.** **(a)** Cad a fhógróidh an láithreoir i ndiaidh na gcluichí? **3 mharc**

Laoch na himeartha = 3 mharc
Laoch an chluiche = 3 mharc
Laoch = 2 mharc

**(b)** Cén tuarastal a gheobhaidh an duine a cheapfar? **3 mharc**

€60 000 (sa bhliain) = 3 mharc
Seasca míle (euro sa bhliain) = 3 mharc
60,000 = 3 mharc

**FÓGRA A DÓ (12 mharc)**

**1.** **(a)** Cén grúpa i Scoil an Droichid a chuir amach an fógra seo? **3 mharc**

An Coiste Glas = 3 mharc
Coiste i Scoil an Droichid = 2 mharc
Coiste sa scoil = 2 mharc
An coiste = 2 mharc
An grúpa Glas = 3 mharc
Glas = 3 mharc

**(b)** Cén téama a bheidh sna díospóireachtaí ranga a eagrófar do na scoláirí sóisearacha? **3 mharc**

An bruscar = 3 mharc
Bruscar = 3 mharc

**2.** **(a)** Cén t-am a thaispeánfar scannán dar teideal 'Ár bPláinéad i mBaol' do na scoláirí sinsearacha? **3 mharc**

A haon déag a chlog = 3 mharc
11.00 = 3 mharc
Ag a haon déag = 3 mharc
Ag a 11 = 3 mharc
11 = 3 mharc

**(b)** Cén rud nach mbeidh cead ag scoláirí a thabhairt isteach sa cheaintín leo ag am lóin? **3 mharc**

Buidéil phlaisteacha = 3 mharc
Buidéil/buidéal = 2 mharc
Plaisteach = 2 mharc

## *Cuid B (24 marc)*

**COMHRÁ A hAON (12 mharc)**

***An Chéad Mhír***

**1.** Cén uair a rinne Seán an triail tiomána? **3 mharc**

Inné = 3 mharc

**2.** Cé a d'íoc as ceachtanna tiomána do Chiara? **3 mharc**

(A) tuismitheoirí = 3 mharc

***An Dara Mír***

**1.** Cad atá gar do lóistín Sheáin i mBaile Átha Cliath? **3 mharc**

Stáisiún Luas = 3 mharc
(An) Luas = 3 mharc
Seirbhís (rialta) bus = 3 mharc

**2.** Cá bhfuil Ciara ina cónaí? **3 mharc**

Faoin tuath = 3 mharc
Tuath = 3 mharc

**COMHRÁ A DÓ (12 mharc)**

***An Chéad Mhír***

**1.** Cá raibh Máire ag siopadóireacht? **3 mharc**

I gCorcaigh = 3 mharc
Corcaigh = 3 mharc
Siopa éadaí = 3 mharc
Siopa carthanachta/Siopa de chuid Chumann Naomh Uinseann de Pól = 3 mharc
Siopaí/Siopa = 1 mharc

**2.** Cé mhéad a chosain an cóta dearthóra a cheannaigh Máire? **3 mharc**

€70 = 3 mharc
Seachtó euro = 3 mharc
70 = 3 mharc

***An Dara Mír***

**1.** Cad a thagann díreach chuig teach Phóil? **3 mharc**

(Na) beartáin éadaí = 3 mharc
(Na) beartáin = 3 mharc
Na héadaí/éadaí = 3 mharc

**2.** Cad a cheannaigh Máire ar líne le déanaí? **3 mharc**

Geansaí = 3 mharc

## *Cuid C (12 mharc)*

**PÍOSA A hAON (6 mharc)**

**1.** Cé a sheol an polasaí nua dar teideal 'Tithíocht do Chách' i mí Mheán Fómhair seo caite? **3 mharc**

An rialtas = 3 mharc
Rialtas = 3 mharc

**2.** Cathain a bheidh deireadh le fadhb na heaspa dídine, dar leo? **3 mharc**

Faoin mbliain 2030 = 3 mharc
2030 = 3 mharc
Sa bhliain 2030 = 3 mharc

**PÍOSA A DÓ (6 mharc)**

**1.** Cá bhfuil an scannán *Arracht* suite? **3 mharc**

I gConamara/Conamara = 3 mharc
(I n)Gaeltacht Chonamara = 3 mharc
(I n)Gaeltacht = 1 mharc
In Indreabhán = 3 mharc

**2.** Cén aois a bhí ag Dónall Ó Héalaí nuair a thosaigh sé ag aisteoireacht den chéad uair? **3 mharc**

Ceithre bliana déag d'aois = 3 mharc
Ceithre bliana déag = 3 mharc
14 bliana = 3 mharc

**Bainfear ó 0 go 6 ar chaighdeán na Gaeilge.**

| Cuid II | An Cheapadóireacht | 100 marc |
|---|---|---|

Freagair do rogha **dhá cheann** de **A, B, C, D** anseo.

**I gcás A, B, C agus D (Dhá cheann le freagairt)**

Leathleathanach nó breis:

| | |
|---|---|
| Tasc | = 2 mharc |
| Ábhar | = 8 marc |
| Cumas Gaeilge | = 40 marc |
| | = 50 marc x 2 = **100 marc** |

An Tasc (2 mharc)
Tá 2 mharc le bronnadh má chomhlíontar an tasc, má éiríonn leis an iarrthóir Giota Leanúnach/ Blag **nó** Scéal **nó** Litir/Ríomhphost **nó** Comhrá a scríobh.

An tÁbhar (8 marc)
Tá 8 marc ag dul don ábhar. Ní mór ceangal cinnte leanúnach a bheith ann idir an teideal a roghnaítear agus an t-ábhar a scríobhtar.
**Gearrfar pionós ar iarrachtaí ceapadóireachta nach bhfuil ábhartha agus bainteach leis an teideal.**

An Cumas Gaeilge (40 marc)
Tá **dhá** ghné i gceist le cumas:

(i) Cumas Gaeilge = Fairsinge, saibhreas agus oiriúnacht Stór Gaeilge an iarrthóra (foclóir cuí, oiriúnach, dul na Gaeilge, nathanna cainte agus frásaí oiriúnacha)

**agus**

(ii) Cruinneas Gaeilge = Beachtas maidir le cruinnúsáid phríomhghnéithe de cheart na Gaeilge (struchtúir/comhréir na teanga, aimsirí na mbriathra, séimhiú, urú, réamhfhocail, claoninsint...) agus litriú

**Nóta**: Is ceart creidiúint a thabhairt do dhea-Ghaeilge le tic a chur leis na múnlaí maithe cainte agus is ceart na mórbhotúin sa teanga a mharcáil trí líne chorrach chothrománach a chur fúthu.

**Nóta:** Caithfidh an Scrúdaitheoir an marc a bhronntar as 2 (Tasc), an marc a bhronntar as 8 (Ábhar) agus an marc a bhronntar as 40 (Gaeilge) a thaispeáint ar an bpainéal marcála.

## Na Siombailí Anótála Marcála

| Siombailí Anótála | Cur Síos | Arna Léiriú |
|---|---|---|
| ✔ | Tic | Cumas agus Cruinneas Gaeilge<br>ceart/ábhartha/lena ngabhann fiúntas |
| 〰 | Líne chorrach chothrománach | Líne faoi earráid teanga/ghramadaí/litrithe |
| **M** | Míléamh | Easpa ceangail ag an ábhar atá scríofa<br>leis an teideal |
| **F1** | Iarracht róghearr | Níos lú ná leathleathanach (8-11 líne i gcás A, B agus D agus 6-8 líne i gcás chorp na litreach/ an ríomhphoist) scríofa agus é ábhartha agus bainteach leis an teideal |
| **F2** | Iarracht róghearr | Níos lú ná leathleathanach (4-7 líne i gcás A, B agus D agus 3-5 líne i gcás chorp na litreach/ an ríomhphoist) scríofa agus é ábhartha agus bainteach leis an teideal |
| **F3** | Iarracht róghearr | Níos lú ná leathleathanach (1-3 líne i gcás A, B agus D agus 1-2 líne i gcás chorp na litreach/ an ríomhphoist) scríofa agus é ábhartha agus bainteach leis an teideal |
| ≀ | Líne chorrach cheartingearach | Líne ar thaobh na láimhe deise den phíosa nach mbaineann le hábhar/leis an teideal |
| **X** | Crosáil/X | X in aice le gach píosa/ag bun gach píosa nach mbaineann le hábhar/leis an teideal |

| Réimse | | | Catagóir | 40 |
|---|---|---|---|---|
| **Sármhaith** | (i) Cumas Gaeilge<br>(ii) Cruinneas Gaeilge | Ard | 95% | 38 |
| | | Meánach | 90% | 36 |
| | | Íseal | 85% | 34 |
| **An-mhaith** | (i) Cumas Gaeilge<br>(ii) Cruinneas Gaeilge | Ard | 80% | 32 |
| | | Meánach | 75% | 30 |
| | | Íseal | 70% | 28 |
| **Maith** | (i) Cumas Gaeilge<br>(ii) Cruinneas Gaeilge | Ard | 65% | 26 |
| | | Meánach | 60% | 24 |
| | | Íseal | 55% | 22 |
| **Maith go leor** | (i) Cumas Gaeilge<br>(ii) Cruinneas Gaeilge | Ard | 50% | 20 |
| | | Meánach | 45% | 18 |
| | | Íseal | 40% | 16 |
| **Lag** | (i) Cumas Gaeilge<br>(ii) Cruinneas Gaeilge | Ard | 35% | 14 |
| | | Meánach | 30% | 12 |
| | | Íseal | 25% | 10 |
| **An-lag** | (i) Cumas Gaeilge<br>(ii) Cruinneas Gaeilge | Ard | 20% | 8 |
| | | Meánach | 15% | 6 |
| | | Íseal | 10% | 4 |
| **Easnamhach** | (i) Cumas Gaeilge<br>(ii) Cruinneas Gaeilge | | 5% | 2 |

| Réimse | Catagóir | 40 | 36 | 30 | 20 | 10 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Siombailí** | | | **M** | **F1** | **F2** | **F3** |
| **Sármhaith** | Ard | 38 | 34 | 29 | 19 | 10 |
| | Meánach | 36 | 32 | 27 | 18 | 9 |
| | Íseal | 34 | 31 | 26 | 17 | 9 |
| | | | | | | |
| **An-mhaith** | Ard | 32 | 29 | 24 | 16 | 8 |
| | Meánach | 30 | 27 | 23 | 15 | 8 |
| | Íseal | 28 | 25 | 21 | 14 | 7 |
| | | | | | | |
| **Maith** | Ard | 26 | 23 | 20 | 13 | 7 |
| | Meánach | 24 | 22 | 18 | 12 | 6 |
| | Íseal | 22 | 20 | 17 | 11 | 6 |
| | | | | | | |
| **Maith go leor** | Ard | 20 | 18 | 15 | 10 | 5 |
| | Meánach | 18 | 16 | 14 | 9 | 5 |
| | Íseal | 16 | 14 | 12 | 8 | 4 |
| | | | | | | |
| **Lag** | Ard | 14 | 13 | 11 | 7 | 4 |
| | Meánach | 12 | 11 | 9 | 6 | 3 |
| | Íseal | 10 | 9 | 8 | 5 | 3 |
| | | | | | | |
| **An-lag** | Ard | 8 | 7 | 6 | 4 | 2 |
| | Meánach | 6 | 5 | 5 | 3 | 2 |
| | Íseal | 4 | 4 | 3 | 2 | 1 |
| | | | | | | |
| **Easnamhach** | | 2 | 2 | 2 | 1 | 1 |

**Páipéar II (150 marc)**

**CEIST 1 (A + B) - LÉAMHTHUISCINT - 100 marc**

Freagair **A** *agus* **B** anseo.

**Nóta:** Má tá dhá phointe eolais i gceist, tá **3** mharc ar an gcéad cheann atá ceart agus **2** mharc ar an dara ceann atá ceart.

**Nóta**: Gearrfar pionós i ngeall ar iomarcaíocht.

| Siombailí Anótála | Cur Síos | Arna Léiriú |
|---|---|---|
| ✓1 | Faisnéis bhailí | Luach 1 mharc |
| ✓2 | Faisnéis bhailí | Luach 2 mharc |
| ✓3 | Faisnéis bhailí | Luach 3 mharc |
| ✓4 | Faisnéis bhailí | Luach 4 mharc |
| ✓5 | Faisnéis bhailí | Luach 5 mharc |
| O | Freagra/eolas mícheart | Náid bronnta |
| 〰 | Líne chorrach chothrománach | Líne faoi earráid teanga/ghramadaí/litrithe |
| – | GF/NR | Níor freagraíodh an cheist |
| Iom | Iomarcaíocht | Abairt(í) iomarcach(a) |
| ʌ | Easnamh | Foca(i)l fágtha ar lár |

**Nóta:** Ba cheart na siombailí anótála a bhfuil marcanna ag gabháil leo a chur gar don eolas ceart sa fhreagra.

**A – (50 marc)**

## Uimhir a Sé, Sráid Fhearchair, Baile Átha Cliath

**Nóta**: Má tá dhá phointe eolais i gceist, tá 3 mharc ar an gcéad cheann atá ceart agus 2 mharc ar an dara ceann atá ceart.
**Nóta**: Gearrfar pionós i ngeall ar iomarcaíocht.

**1.** (a) Tabhair **dhá** phíosa eolais faoi Hans Blackwood. (Alt 1)

**3 mharc + 2 mharc = 5 mharc**

An chéad phíosa eolais atá ceart = **3** mharc; an dara píosa eolais atá ceart = **2** mharc

- (Faoin mbliain 1786) bhí an teach ag Uimhir a Sé, Sráid Fhearchair tógtha ag Hans Blackwood
- Ba as Contae an Dúin do Hans Blackwood
- Bhí Hans Blackwood ina fheisire sa pharlaimint i mBaile Átha Cliath
- Sa bhliain 1800/tar éis Acht an Aontais/dúnadh an pharlaimint i mBaile Átha Cliath agus bhí ar Hans (agus ar na Feisirí Parlaiminte eile) bogadh go Westminster
- Bhí ar Hans (agus ar na Feisirí Parlaiminte eile) bogadh go Westminster

(b) Scríobh síos **dhá** phíosa eolais faoin mbaint a bhí ag John Henry Newman le hUimhir a Sé. (Alt 1)

**3 mharc + 2 mharc = 5 mharc**

An chéad phíosa eolais atá ceart = **3** mharc; an dara píosa eolais atá ceart = **2** mharc

- Thóg sé Uimhir a Sé/an teach ar cíos ó Anne Segrave = 2 phíosa eolais
- Chónaigh sé sa teach
- Bhunaigh sé áras de chuid na hollscoile Caitlicí san fhoirgneamh

**2.** (a) Cén fáth ar eagraigh ceannaire Shinn Féin, Art Ó Gríofa, cainteanna in Uimhir a Sé? (Alt 2)

**5 mharc**

- Chun a chur ina luí ar dhaoine gur chóir go mbeadh rialtas dúchais agus parlaimint i mBaile Átha Cliath

(b) Luaigh **dhá** phíosa eolais faoi Uimhir a Sé le linn Éirí Amach na Cásca i 1916. (Alt 2)

**3 mharc + 2 mharc = 5 mharc**

An chéad phíosa eolais atá ceart = **3** mharc; an dara píosa eolais atá ceart = **2** mharc

- Ghlac saighdiúirí de chuid Arm na Breataine seilbh ar Uimhir a Sé
- Scaoil duine de na saighdiúirí sin piléar ón teach le Margaret Skinnider, an t-aon bhean a goineadh le piléar agus í ag troid san Éirí Amach

**3.** (a) Cad a tharla ag comhdháil in Uimhir a Sé i mí na Nollag 1916? (Alt 3) **5 mharc**

- Roghnaíodh Constance Markievicz mar Uachtarán ar Chumann na mBan

(b) Scríobh síos **dhá** rud a rinne Sinn Féin in Uimhir a Sé tar éis a mbua san olltoghchán. (Alt 3)
**3 mharc + 2 mharc = 5 mharc**

An chéad rud atá ceart = **3** mharc; an dara rud atá ceart = **2** mharc

- Rinne Sinn Féin pleananna don chéad chruinniú den pharlaimint nua Éireannach
- Leag siad amach an clár oibre
- D'aontaigh siad ainm don pharlaimint nua: Dáil Éireann

**4.** (a) Tabhair **dhá** phíosa eolais faoi Mhicheál Ó Coileáin. (Alt 4) **3 mharc + 2 mharc = 5 mharc**

An chéad phíosa eolais atá ceart = **3** mharc; an dara píosa eolais atá ceart = **2** mharc

- Ceapadh Micheál Ó Coileáin mar Aire Airgeadais
- Ceapadh Micheál Ó Coileáin sa Chéad Dáil
- Bhí a oifig ar an dara hurlár sa teach (tá ceangal leis an gcéad phíosa eolais nó leis an dara ceann thuas riachtanach)

(b) Cén fáth ar chaith Coláiste Mhuire dhá bhliain in Uimhir a Sé? (Alt 4) **5 mharc**

- Mar ní raibh foirgneamh scoile dá gcuid féin acu = 5 mharc

**5.** (a) Luaigh **dhá** phíosa eolais faoi Chlub Chonradh na Gaeilge. (Alt 5)
**3 mharc + 2 mharc = 5 mharc**

An chéad phíosa eolais atá ceart = **3** mharc; an dara píosa eolais atá ceart = **2** mharc

- Tá Club Chonradh na Gaeilge in íoslach an fhoirgnimh
- Bíonn siamsaíocht ar siúl sa chlub (do phobal na Gaeilge)
- Bíonn imeachtaí Gaelacha ar siúl sa chlub (do phobal na Gaeilge)

(b) Scríobh síos **dhá** rud atá i bplean nua Chonradh na Gaeilge don teach. (Alt 5)
**3 mharc + 2 mharc = 5 mharc**

An chéad rud atá ceart = **3** mharc; an dara rud atá ceart = **2** mharc

- Caifé
- Stiúideonna breise
- Amharclann
- Tá sé ar intinn acu an teach a oscailt don phobal

[Gaeilge lochtach: 0 - 5 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh]

**B – (50 marc)**

## An Ceol

**Nóta:** Má tá dhá phointe eolais i gceist, tá **3** mharc ar an gcéad cheann atá ceart agus **2** mharc ar an dara ceann atá ceart.
**Nóta**: Gearrfar pionós i ngeall ar iomarcaíocht.

**1.** (a) Scríobh síos **dhá** shampla den úsáid a bhaintear as cineálacha éagsúla ceoil ar ócáidí difriúla. (Alt 1) **3 mharc + 2 mharc = 5 mharc**

An chéad sampla atá ceart = **3** mharc; an dara sampla atá ceart = **2** mharc

- Cantar suantraí don leanbh chun é a chur a chodladh
- Moltar daoine le hamhráin mholta
- Tugann an caoineadh sólás do dhaoine nuair a bhíonn siad faoi bhrón
- Músclaítear mórtas cine i ndaoine nuair a chantar an t-amhrán náisiúnta

(b) Tabhair **dhá** chúis a bhfuil an ceol tábhachtach i saol na ndaoine. (Alt 1) **3 mharc + 2 mharc = 5 mharc**

An chéad chúis atá ceart = **3** mharc; an dara cúis atá ceart = **2** mharc

- Tugann sé faoiseamh dóibh ó fhadhbanna an tsaoil
- Laghdaíonn sé an strus
- Bíonn deis iontach ag daoine a bheith cruthaitheach nuair a bhíonn siad ag cumadh/ag scríobh an cheoil
- Cothaíonn an ceol caidreamh idir dhaoine
- Baineann daoine taitneamh as lá a chaitheamh lena gcairde ag ceolchoirm/ag féile cheoil

**2.** (a) Luaigh **dhá** chúis a mbaineann lucht déanta scannán úsáid as an gceol. (Alt 2) **3 mharc + 2 mharc = 5 mharc**

An chéad chúis atá ceart = **3** mharc; an dara cúis atá ceart = **2** mharc

- Chun an téama a fhorbairt
- Chun suíomh a chruthú
- Chun dul i bhfeidhm ar an lucht féachana

(b) Cén fáth ar eagraíodh ceolchoirm *Live Aid* sa bhliain 1985? (Alt 2) **5 mharc**

- Chun cabhair airgid a chur ar fáil do mhuintir na hAetóipe a bhí ag fulaingt sa ghorta = 5 mharc
- Chun cabhair airgid a chur ar fáil do mhuintir na hAetóipe = 3 mharc

**3.** (a) Tabhair **dhá** phíosa eolais faoin gcláirseach. (Alt 3) **3 mharc + 2 mharc = 5 mharc**

An chéad phíosa eolais atá ceart = **3** mharc; an dara píosa eolais atá ceart = **2** mharc

- Is í an chláirseach siombail náisiúnta na tíre
- Tá íomhá den chláirseach ar lógónna Ranna Stáit

- Tá íomhá den chláirseach ar shéala oifige an Uachtaráin
- Tá íomhá den chláirseach ar na boinn airgid

(b) Scríobh síos **dhá** rud faoi Fhleadh Cheoil na hÉireann. (Alt 3) **3 mharc + 2 mharc = 5 mharc**

An chéad rud atá ceart = **3** mharc; an dara rud atá ceart = **2** mharc

- Is í Fleadh Cheoil na hÉireann an ceiliúradh bliantúil is mó ar domhan ar cheol na hÉireann
- Is í Fleadh Cheoil na hÉireann an ceiliúradh bliantúil is mó ar domhan ar amhránaíocht na hÉireann
- Is í Fleadh Cheoil na hÉireann an ceiliúradh bliantúil is mó ar domhan ar rince na hÉireann
- Glacann ceoltóirí as gach áit in Éirinn páirt sna comórtais
- Glacann rinceoirí as gach áit in Éirinn páirt sna comórtais
- Glacann ceoltóirí as tíortha thar lear páirt sna comórtais
- Glacann rinceoirí as tíortha thar lear páirt sna comórtais
- Bíonn ceol sráide ar siúl ag Fleadh Cheoil na hÉireann
- Bíonn taispeántais cheoil ar siúl ag Fleadh Cheoil na hÉireann

**4.** (a) Scríobh síos **dhá** bhealach ar thuill an grúpa ceoil *The Chieftains* clú agus cáil idirnáisiúnta don cheol Gaelach. (Alt 4) **3 mharc + 2 mharc = 5 mharc**

An chéad bhealach atá ceart = **3** mharc; an dara bealach atá ceart = **2** mharc

- Thóg siad ceol na hÉireann leo go dtí na Stáit Aontaithe
- Thóg siad ceol na hÉireann leo go dtí an Eoraip
- Ba iad *The Chieftains* an chéad ghrúpa ón Iarthar a sheinn ceol ar Bhalla Mór na Síne

(b) Cén tionchar a bhí ag an seó *Riverdance* ar an rince Gaelach? (Alt 4) **5 mharc**

- Tá sluaite móra daoine ag freastal ar sheónna rince Ghaelaigh ar fud an domhain ó shin i leith
- Tá a lán daoine ag foghlaim rincí Gaelacha anois
- Tá a lán daoine ag glacadh páirte i gcomórtais rince anois

**5.** (a) Luaigh **dhá** bhealach a bhfuil daoine ábalta an ceol a fháil go héasca ar an idirlíon. (Alt 5) **3 mharc + 2 mharc = 5 mharc**

An chéad bhealach atá ceart = **3** mharc; an dara bealach atá ceart = **2** mharc

- Is féidir le daoine teacht ar gach saghas ceoil ar na seirbhísí sruthaithe mar *Spotify* agus *Apple Music* = 2 bhealach
- Is féidir le daoine teacht ar gach saghas ceoil ar *Spotify*
- Is féidir le daoine teacht ar gach saghas ceoil ar *Apple Music*
- Na seirbhísí sruthaithe
- *Spotify*
- *Apple Music*
- (Is féidir le daoine) an ceol a íoslódáil chuig a ngléasanna soghluaiste
- Roinneann siad amhráin/seinnliostaí lena chéile ar na hardáin shóisialta éagsúla

- Bíonn ceoltóirí ábalta a gcuid ceoil a thaifeadadh ar na líonraí sruthaithe ceoil
- Bíonn ceoltóirí ábalta a gcuid ceoil a roinnt ar na líonraí sruthaithe ceoil

(b) Scríobh síos **dhá** mhíbhuntáiste atá ag baint leis an teicneolaíocht do thionscal an cheoil agus do cheoltóirí. (Alt 5) **3 mharc + 2 mharc = 5 mharc**

An chéad mhíbhuntáiste atá ceart = **3** mharc; an dara míbhuntáiste atá ceart = **2** mharc

- Ní cheannaíonn daoine an méid céanna ceirníní/dlúthdhioscaí anois
- Is minic a íoslódáiltear ceol go mídhleathach gan íoc as
- Nuair a tharlaíonn sé seo ní fhaigheann ceoltóirí íocaíocht ar bith (tá ceangal leis an gcéad bhuntáiste nó leis an dara ceann thuas riachtanach)

[Gaeilge lochtach: 0 - 5 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh]

## Roinn na Litríochta: Na Siombailí Anótála

| Siombailí Anótála | Cur Síos | Arna Léiriú |
|---|---|---|
| ✔ | Faisnéis bhailí | Gan mharc |
| ✔1 | Faisnéis bhailí | Luach 1 mharc |
| ✔2 | Faisnéis bhailí | Luach 2 mharc |
| ✔3 | Faisnéis bhailí | Luach 3 mharc |
| ✔4 | Faisnéis bhailí | Luach 4 mharc |
| ✔5 | Faisnéis bhailí | Luach 5 mharc |
| O | Freagra/eolas mícheart | Náid bronnta |
| ~~~ | Líne chorrach chothrománach | Líne faoi earráid teanga/ghramadaí/litrithe |
| – | GF/NR | Níor freagraíodh an cheist/an mhír |

## 2A – PRÓS AINMNITHE

**Nóta:** Níl sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí samplacha thíos uileghabhálach ná eisiach. Is samplaí de fhreagraí féideartha atá iontu; déanfaidh na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus bronnfar marcanna ar phointí bailí eolais eile a chuirfidh na hiarrthóirí i láthair de réir a bhfiúntais.

**(a) Oisín i dTír na nÓg** (**25** marc)

Freagair na ceisteanna thíos faoin scéal béaloidis *Oisín i dTír na nÓg*.

(i) Scríobh síos **dhá** athrú a tháinig ar Oisín nuair a thit sé den each bán i nGleann na Smól.

**Dhá** athrú = **3** mharc + **2** mharc (**5** mharc)

**Freagraí samplacha:** Fágadh é ina sheanduine/ina sheanóir.
Fágadh é bocht.
Fágadh é dall.
Fágadh é gan bhrí/gan mheabhair/gan aird.

(ii) Luaigh **dhá** rud a d'inis Niamh Chinn Óir d'Oisín faoi Thír na nÓg.

**Dhá** rud = **3** mharc + **2** mharc (**5** mharc)

**Freagraí samplacha:** Is í Tír na nÓg an tír is aoibhne faoin ngrian.
Tá na crainn inti ag cromadh le toradh is le bláth.
Tá mil agus fíon ar fáil go fairsing inti.
Gheobhaidh sé gach ní inti dá bhfaca súil.
Ní fheicfidh sé meath ná éag inti.
Beidh Niamh mar bhean aige go deo.
Is tír álainn í.
Is tír dhraíochtúil í.
Tá flúirse de gach rud ann.

(iii) Cén fáth a raibh brón ar Oisín agus é ag imeacht le Niamh Chinn Óir go Tír na nÓg?

(**5** mharc)

**Freagraí samplacha:** Bhí brón air ag fágáil slán lena athair agus leis na Fianna.
Bhí sé ag casadh a chúil ar an saol aoibhinn a bhíodh aige.
Ní bheadh sé ag ól/ag éisteacht le ceol/ag bronnadh séad/ag imirt fichille/ag sealgaireacht/ag troid leis na Fianna a thuilleadh.

(iv) Scríobh síos **dhá** phointe eolais faoin saol a bhí ag Oisín agus ag Niamh Chinn Óir i dTír na nÓg.

**Dhá** phointe eolais = **3** mharc + **2** mharc (**5** mharc)

**Freagraí samplacha:** Bhí saol aoibhinn acu.
Mhair siad go sona sásta.
Níor tháinig meath orthu.
Níor éirigh siad sean.
Bhí flúirse de gach rud acu.
Bhí beirt mhac agus iníon/triúr páistí acu.
Bhí fleá agus féasta acu a mhair deich lá agus deich n-oíche i ndún an rí.

(v) Conas a chabhraigh Naomh Pádraig le hOisín tar éis dó filleadh ar Éirinn?

(**5** mharc)

**Freagraí samplacha:** Choinnigh sé é ar a theaghlach.
Thug sé leis é ar thurais ar fud na hÉireann.
Thug sé bia/leaba/fothain dó.
Mhúin sé soiscéal Dé dó.

[Gaeilge lochtach: 0-4 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh]

**(b) Hurlamaboc** (**25** marc)

Freagair an cheist thíos faoin ngiota as an úrscéal *Hurlamaboc*.

'Bhí an chuma ar Lisín go raibh sí ina hógbhean fós … ní raibh sí riamh díomhaoin.'
Déan cur síos ar Lisín agus ar an gcineál saoil a bhí aici.

**5** phointe eolais agus **5** mharc ar gach pointe eolais
(**5** mharc = **2** mharc ar lomphointe eolais agus **3** mharc ar fhorbairt)

**Pointí eolais samplacha:**

- Bhí Lisín ardnósach/an-saibhir/foirfe.
- Gruaig fhionn a bhí ar Lisín.
- Bhí Lisín agus Pól pósta le fiche bliain.
- Bhí beirt mhac aici-Ruán agus Cú.
- Is aoibhinn léi an faisean/bhíodh éadaí galánta uirthi.
- Ní théadh sí aon áit gan smideadh a bheith uirthi.
- Bhí Lisín chun tosaigh ar na mná ar fad/bhí sí níos faiseanta agus níos néata ná aon duine eile.
- Bhí baint aici le club leabhar/club a thugadh cainteanna ar stair áitiúil/ar gheolaíocht áitiúil/ar litríocht áitiúil.
- Théadh sí chuig cainteanna faoi ghairdíní/faoi mhaisiú tí.
- Théadh sí chuig ranganna teanga sa Spáinnis/sa Rúisis/sa tSínis/sa tSeapáinis.
- Bhí baint aici le clubanna a thugadh cabhair do na daoine bochta.
- Thaitin scannáin/drámaí léi.
- Theastaigh ó Lisín dul i bhfeidhm ar na comharsana.
- Bean tí den scoth a bhí i Lisín.
- D'oibrigh sí go dian ar na hullmhúcháin don chóisir.
- Bhí péint nua ar na ballaí/snas ar na hurláir/reoiteoir eile ar cíos/bláthanna sna prócaí.
- Bhi plean aici an chóisir a chur ar siúl sa ghairdín dá mbeadh an lá go breá/mura mbeadh an lá go breá bheadh an chóisir ar siúl istigh sa teach.
- Spreagadh sí Ruán an t-am ar fad ach fós bhraitheadh sé lagbhríoch mar gheall uirthi.
- Mhúnlaigh sí Pól ó ógfhear anabaí go fear saibhir muiníneach/chonaic sí na féidearthachtaí a bhí i bPól.
- Bhí sí bródúil as an gcaithréim a bhí bainte amach aici agus ag Pól.

[Gaeilge lochtach: 0-4 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh]

**(c) Dís** (**25** marc)

Freagair an cheist thíos faoin ngearrscéal *Dís.*

'Féach ansan. Toradh suirbhé a deineadh. Deirtear ann go bhfuil an ceathrú cuid de mhná pósta na tíre míshona, míshásta. Táimse ansan, ina measc.'
Déan cur síos ar shaol bhean Sheáin agus ar na fáthanna a raibh sí míshona, míshásta.

**5** phointe eolais agus **5** mharc ar gach pointe eolais
(**5** mharc = **2** mharc ar lomphointe eolais agus **3** mharc ar fhorbairt)

**Pointí eolais samplacha:**

- Bhí an bhean chéile ag impí ar Sheán labhairt léi ach ní raibh fonn cainte ar Sheán.
- Bhí fearg ar an mbean chéile mar cheap Seán go raibh an páipéar níos tábhachtaí ná í féin.
- Dúirt an bhean chéile go raibh sí (agus a fear céile) sa pháipéar ach ní fhaca sé í (iad) ann.
- Dúirt an bhean chéile gur ghlac sí páirt i suirbhé a léirigh go raibh an ceathrú cuid de mhná pósta na tíre míshona/míshásta.
- Bhí an bhean chéile míshona/míshásta mar is beag meas atá ag aon duine ar mhná a dhéanann obair an tí.
- Bhí fearg ar Sheán gur thug a bhean chéile gach eolas faoin mbeirt acu don strainséir.
- Dúirt an bhean chéile le Seán a ghlór a ísliú nó go ndúiseodh sé an leanbh.
- Bhí plean ag an mbean chéile an post a dhéanamh fad is a bheadh bean an tsuirbhé ar shaoire mháithreachais.
- Theastaigh ón mbean chéile sorn a cheannach leis an airgead ón bpost.
- Bhí fearg ar Sheán go mbeadh a bhean chéile ag dul ó dhoras go doras leis an leanbh ina baclainn aici.
- Dúirt an bhean chéile ansin nach raibh sí míshona agus nár inis sí an fhírinne sa suirbhé.
- Rinne Seán rud éigin an mhaidin sin/an oíche roimhe sin agus chuir sé sin fearg ar an mbean chéile.
- Bhí cupán caife ag an mbean chéile le bean an tsuirbhé an mhaidin sin.
- Bhí an teach bunoscionn agus bhí an bille ESB tar éis teacht.
- Thosaigh an bhean chéile ag caint faoi na Sínigh fadó agus an nós a bhíodh acu an bhean a dhó nuair a chaillltí an fear.
- Ba mhaith leis an mbean chéile leabhar dearg Mao a léamh nuair nach bhfaigheadh sí an páipéar/nuair nach mbeadh aon duine ann le labhairt léi.
- Thuig an bhean chéile go raibh bean an tsuirbhé ag insint bréag chun go bhfreagródh sí a cuid ceisteanna.
- Bhí fearg ar an mbean chéile gur fhreagair sí a cuid ceisteanna.

[Gaeilge lochtach: 0-4 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh.]

## 2B – PRÓS ROGHNACH

**Níl cead aon ábhar a bhaineann le Prós Ainmnithe a úsáid sna freagraí ar an bPrós Roghnach.**

**(a)** Maidir le **scéal béaloidis roghnach** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, tabhair cuntas ar na príomhimeachtaí (príomhrudaí) a tharlaíonn sa scéal.

(**25** marc)

Na príomhimeachtaí (príomhrudaí) = **23** marc
**5** phointe eolais ag teastáil
(**5** mharc an ceann ar an gcéad **trí** phointe eolais + **4** mharc an ceann ar an **dá** phointe eolais eile)

(**23** marc)

**5** mharc = **2** mharc ar lomphointe eolais + **3** mharc ar fhorbairt
**4** mharc = **2** mharc ar lomphointe eolais + **2** mharc ar fhorbairt

*Ní mór teideal an scéil bhéaloidis sin a scríobh síos go cruinn.*
Teideal an scéil bhéaloidis = **2** mharc (**2** mharc)

[Gaeilge lochtach: 0-4 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh]

**(b)** Maidir le **giota as úrscéal roghnach** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, ainmnigh an phríomhphearsa (an príomhcharachtar) sa ghiota sin. Déan cur síos ar an gcineál saoil atá ag an duine sin sa ghiota.

(**25** marc)

An phríomhphearsa (an príomhcharachtar) a ainmniú = **1** mharc
An cineál saoil atá ag an duine sin = **22** marc

**5** phointe eolais ag teastáil
(**5** mharc an ceann ar an gcéad **dá** phointe eolais + **4** mharc an ceann ar na **trí** phointe eolais eile)

(23 marc)

**5** mharc = **2** mharc ar lomphointe eolais + **3** mharc ar fhorbairt
**4** mharc = **2** mharc ar lomphointe eolais + **2** mharc ar fhorbairt

*Ní mór teideal an úrscéil sin, mar aon le hainm an údair, a scríobh síos go cruinn.*
Teideal an úrscéil **=** **1** mharc
Ainm an údair = **1** mharc

[Gaeilge lochtach: 0-4 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh]

**(c)** Maidir le **gearrscéal roghnach** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, ainmnigh an phríomhphearsa (an príomhcharachtar) sa ghearrscéal sin. Tabhair cuntas ar na heachtraí is mó a tharlaíonn don duine sin sa ghearrscéal.

(**25** marc)

An phríomhphearsa (an príomhcharachtar) a ainmniú = **1** mharc
Na heachtraí is mó a a tharlaíonn don duine sin = **22** marc
**5** phointe eolais ag teastáil
(**5** mharc an ceann ar an gcéad **dhá** phointe eolais + **4** mharc an ceann ar na **trí** phointe eolais eile)

(**23** marc)

**5** mharc = **2** mharc ar lomphointe eolais + **3** mharc ar fhorbairt
**4** mharc = **2** mharc ar lomphointe eolais + **2** mharc ar fhorbairt

*Ní mór teideal an ghearrscéil sin, mar aon le hainm an údair, a scríobh síos go cruinn*.
Teideal an ghearrscéil = **1** mharc
Ainm an údair = **1** mharc

(**2** mharc)

[Gaeilge lochtach: 0-4 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh]

## 3A – FILÍOCHT AINMNITHE

**Nóta:** Níl sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí samplacha thíos uileghabhálach ná eisiach. Is samplaí de fhreagraí féideartha atá iontu; déanfaidh na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus bronnfar marcanna ar phointí bailí eolais eile a chuirfidh na hiarrthóirí i láthair de réir a bhfiúntais.

**(a) An tEarrach Thiar** (**25** marc)

(i) (a) Cén séasúr atá i gceist sa dán seo? (**2** mharc)
**Freagra:** an t-earrach

(b) Conas atá an aimsir i véarsa a haon? (**2** mharc)
**Freagra:** brothallach…geal…tirim…grianmhar…te…'i mbrothall lae'…

(c) Cad atá á dhéanamh ag an bhfear i véarsa a dó? (**2** mharc)
**Freagra:** 'ag caitheadh cliabh dhá dhroim'…ag bailiú feamainne…ag obair…

(d) Tabhair pointe **amháin** eolais faoi na mná i véarsa a trí. (**2** mharc)
**Freagra:** tá siad i locháin/i locha beaga uisce…tá a gcótaí craptha acu…tá a scáileanna thíos fúthu/le feiceáil san uisce…is radharc síochánta é…tá an ghrian ag taitneamh anuas ar na mná…

(ii) Déan cur síos, **i d'fhocail féin**, ar an íomhá (ar an bpictiúr) den *churrach* a thugann an file dúinn i véarsa a ceathair. (Is leor **dhá** phointe eolais.) (**8** marc)

**Dhá** phointe eolais = **4** mharc + **4** mharc

**Freagraí samplacha:**

- Tá an *churrach* lán le héisc…
- Torann na maidí rámha le cloisteáil…
- Tá an *churrach* ag filleadh ar an gcladach ó lár na farraige/um thráthnóna…

Nóta: Línte cuí díreach as véarsa a ceathair gan rian an iarrthóra ar an bhfreagra = **2** mharc + **2** mharc

(iii) An bhfuil an file sásta sa dán seo, dar leat? Tabhair **dhá** fháth, **i d'fhocail féin**, le do fhreagra. (**9** marc)

Tá/Níl = **1** mharc
**Dhá** fháth = **4** mharc + **4** mharc

**Fáthanna samplacha:**

Tá an file sásta mar tá grá mór aige don oileán…tá an aimsir go hálainn…
Níl an file sásta mar tá brón air nach bhfuil sé ar an oileán…ba mhaith leis cónaí ar an oileán arís…

[Gaeilge lochtach: 0-4 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh]

**(b) Colscaradh** (**25** marc)

(i) Déan cur síos, **i d'fhocail féin**, ar **dhá** íomhá (**dhá** phictiúr) den phósadh a bhí in aigne an fhir i véarsa a haon. (**8** marc)

**Dhá** íomhá (**dhá** phictiúr) = **4** mharc + **4** mharc

**Freagraí samplacha:** bhí grá ag teastáil uaidh…bhí bean chéile ag teastáil ón bhfear…bhí bean thraidisiúnta ag teastáil uaidh…ba mhaith leis cónaí ina theach féin/ba mhaith leis cónaí ina cheantar dúchais/ba mhaith leis cónaí in aice lena mhuintir…bhí saol traidisiúnta ag teastáil uaidh…ba mhaith leis suí cois tine…ba mhaith leis spórt agus spraoi…ba mhaith leis atmaisféar deas sona sa teach…bhí páistí ag teastáil uaidh…

Nóta: Dhá líne chuí as véarsa a haon gan rian an iarrthóra ar an bhfreagra = **2** mharc + **2** mharc

(ii) Scríobh síos, **i d'fhocail féin**, na príomhsmaointe atá i véarsa a dó.
(Is leor **dhá** phointe eolais.) (**8** marc)

**Dhá** phointe eolais = **4** mharc + **4** mharc

**Freagraí samplacha:** Is gnáthbhean nua-aimseartha í…tá cumhacht/neamhspleáchas sa phósadh á lorg aici…ba mhaith léi fear a phósadh ach níor mhaith léi a bheith ag brath ar a fear céile…ba mhaith léi leath den chumhacht/den údarás sa teach/go mbeadh a cuid airgid féin aici/leath den mhaoin/den saibhreas…ba mhaith léi teach agus grá/dul ar saoire thar lear/meas a bheith ag gach duine uirthi/a bheith sona sásta…ba mhaith léi saol agus cairde a bheith aici taobh amuigh den teach…

Nóta: Dhá líne chuí as véarsa a dó gan rian an iarrthóra ar an bhfreagra = **2** mharc + **2** mharc

(iii) Scríobh síos an mothúchán is láidre sa dán, dar leat. Tabhair **dhá** shampla, **i d'fhocail féin**, den mhothúchán sin sa dán.
(**9** marc)

An mothúchán is láidre = **1** mharc
**Dhá** shampla = **4** mharc + **4** mharc

**An mothúchán:**
Dóchas, grá, brón, uaigneas, díomá…

**Samplaí:**
Tá dóchas sa dán…bhí saol sona ag teastáil ón bhfear agus ón mbean nuair a phós siad…
Tá grá sa dán…bhí an fear agus an bhean ag lorg grá ach bhí siad an-difriúil…
Tá brón sa dán…ní raibh siad ábalta fanacht pósta…bhí rudaí difriúla ag teastáil uathu…
Tá uaigneas sa dán…tá uaigneas ar an mbeirt anois mar scar siad…
Tá díomá sa dán…tá díomá ar an mbeirt mar theip ar an bpósadh….

Nóta: An mothúchán agus línte cuí as an dán gan rian an iarrthóra ar an bhfreagra = **1** mharc + **2** mharc + **2** mharc

[Gaeilge lochtach: 0-4 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh]

**(c) An Spailpín Fánach** (**25** marc)

(i) Cén t-eolas a thugtar dúinn faoin spailpín i véarsa a haon den dán?
(Is leor **dhá** phointe eolais, **i d'fhocail féin**.) (**8** marc)

**Dhá** phointe eolais = **4** mharc + **4** mharc

**Pointí eolais samplacha:** é ag éirí go luath gach maidin…amuigh ag obair go moch gach maidin…é ag éirí tinn/ag piocadh suas galair…is oibrí feirme é…tá saol crua aige…é ag taisteal ó áit go háit…é ag brath ar a shláinte (chun a chuid oibre a dhéanamh)…tá sé sásta dul ag troid leis na *croppies*…beidh píce agus bata aige…

Nóta: Línte cuí díreach as véarsa a haon gan rian an iarrthóra ar an bhfreagra = **2** mharc + **2** mharc

(ii) (a) Cén rud a bhíonn á rá ag na daoine i nDurlas i véarsa a dó? (**2** mharc)

**Freagra:** 'Sin chu'ibh an spailpín fánach!'…tá an spailpín ag teacht/ar an mbealach…

(b) Cén fáth nach dteastaíonn ón spailpín dul go Caiseal i véarsa a trí? (**2** mharc)

**Freagra:** Níl sé ag iarraidh/ní maith leis a shláinte a chur i mbaol/beidh a shláinte i ndainséar…'ag díol ná ag reic mo shláinte'…tá margadh na saoire ann…tá 'bodairí na tíre' ann…

(c) Cá mbíodh an spailpín ina shuí agus é 'ar mhargadh na saoire' i véarsa a trí? (**2** mharc)

**Freagra:** cois balla…in aice leis an mballa…ar thaobh na sráide…'ná ar mhargadh na saoire im shuí cois balla'…'im scaoinse ar leataoibh sráide'…

(d) Cén cheist a chuireadh 'bodairí na tíre' ar an spailpín i véarsa a trí? (**2** mharc)

**Freagra:** an bhfuil obair faighte aige?…an bhfuil sé fostaithe?…'á fhiafraí an bhfuilim hireálta'…

(iii) An maith leat an dán seo? Tabhair **dhá** fháth, **i d'fhocail féin**, le do fhreagra. (**9** marc)

Is maith/Ní maith = **1** mharc
**Dhá** fháth = **4** mharc + **4** mharc

**Freagraí samplacha:**

- Ní maith liom an dán – tá trua agam don spailpín/an saol dian a bhí aige/drochshláinte ag cur isteach air…níl aon dínit ag baint lena shaol…bíonn na huaisle/bodairí na tíre ag féachaint anuas air…
- Is maith liom an téama…tá sé suimiúil/éifeachtach…
- Ní maith liom na híomhánna/mothúcháin sa dán…
- Is maith liom an dán – is dán simplí é/is breá liom an meafar/an íomhá sa dán/is maith liom na mothúcháin sa dán…

[Gaeilge lochtach: 0-4 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh]

## 3B – FILÍOCHT ROGHNACH

**Níl cead aon ábhar a bhaineann le Filíocht Ainmnithe a úsáid sna freagraí ar an bhFilíocht Roghnach.**

**(a)** (i) Maidir le **dán nua-aimseartha roghnach** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, scríobh síos **i d'fhocail féin**, príomhsmaointe an dáin. (**9** marc)

**Dhá** phríomhsmaoineamh = **5** mharc + **4** mharc

(ii) Cén íomhá (pictiúr) is mó a thaitníonn leat sa dán?
Mínigh an íomhá (an pictiúr) sin **i d'fhocail féin**. (Is leor **dhá** phointe eolais.) (**7** marc)

An íomhá (an pictiúr) is mó a thaitníonn leat = **1** mharc
**Dhá** phointe eolais = **3** mharc + **3** mharc

(iii) Scríobh síos an mothúchán is láidre sa dán, dar leat.
Tabhair **dhá** shampla den mhothúchán sin sa dán. (**7** marc)

An mothúchán is láidre = **1** mharc
**Dhá** shampla = **3** mharc + **3** mharc

*Ní mór teideal an dáin sin, mar aon le hainm an fhile, a scríobh síos go cruinn*. (**2** mharc)
Ainm an dáin = **1** mharc
Ainm an fhile = **1** mharc

[Gaeilge lochtach: 0-4 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh]

**(b)** (i) Maidir le **dán nua-aimseartha roghnach** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, **agus nár úsáid tú i gcuid (a) thuas**, scríobh síos príomhthéama an dáin sin. Tabhair **dhá** phointe eolais, **i d'fhocail féin**, faoin bpríomhthéama sin sa dán. (**9** marc)

Príomhthéama an dáin = **1** mharc
**Dhá** phointe eolais = **4** mharc + **4** mharc

(ii) Cén t-atmaisféar atá sa dán seo, dar leat? Tabhair **dhá** shampla den atmaisféar sin sa dán. (**7** marc)

An t-atmaisféar a lua = **1** mharc
**Dhá** shampla = **3** mharc + **3** mharc

(iii) Scríobh síos rud **amháin** a thaitin leat **agus** rud **amháin** nár thaitin leat faoin dán seo. (**7** marc)

An ceann is fearr = **4** mharc
An rud eile = **3** mharc

*Ní mór teideal an dáin sin, mar aon le hainm an fhile, a scríobh síos go cruinn*. (**2** mharc)

Ainm an dáin = **1** mharc
Ainm an fhile = **1** mharc

[Gaeilge lochtach: 0-4 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh]

**(c)** (i) Maidir le **dán seanaimseartha roghnach** (dán a cumadh sa tréimhse **roimh** 1850) a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, scríobh síos **i d'fhocail féin**, príomhsmaointe an dáin. (**9** marc)

**Dhá** phríomhsmaoineamh = **5** mharc + **4** mharc

(ii) Luaigh íomhá (pictiúr) **amháin** ón dán atá suimiúil, dar leat. Mínigh an íomhá (an pictiúr) sin **i d'fhocail féin**. (Is leor **dhá** phointe eolais.) (**7** marc)

An íomhá (an pictiúr) atá suimiúil = **1** mharc
**Dhá** phointe eolais = **3** mharc + **3** mharc

(iii) An maith leat an dán seo? Tabhair **dhá** fháth, **i d'fhocail féin**, le do fhreagra. (**7** marc)

Is maith/Ní maith = **1** mharc
**Dhá** fháth = **3** mharc + **3** mharc

*Ní mór teideal an dáin sin, mar aon le hainm an fhile, a scríobh síos go cruinn*. (**2** mharc)

Ainm an dáin = **1** mharc
Ainm an fhile = **1** mharc

[Gaeilge lochtach: 0-4 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh]

**Scéim Mharcála Mhodhnaithe (SMM)**

Cuirtear Scéim Mharcála Mhodhnaithe (SMM) i bhfeidhm ar an obair a chuireann iarrthóirí isteach ar deonaíodh ceann amháin nó níos mó de na socruithe seo a leanas dóibh:

- Úsáid gléas taifeadta
- Úsáid próiseálaí focal
- Úsáid scríobhaí
- Tarscaoileadh maidir le litriú agus le gnéithe áirithe den ghramadach

Nuair a dheonaítear an Scéim Mharcála Mhodhnaithe d'iarrthóir ar bith:

Déantar **an t-ábhar** sna freagraí ar fad a mheasúnú de réir na gnáthscéime marcála.
Déantar **measúnú ar Chruinneas Gaeilge** na n-iarrthóirí sin a mbaineann an Scéim Mharcála Mhodhnaithe leo as a máistreacht ar chruinnúsáid ghnéithe ainmnithe den ghramadach. Ní chuirtear botúin litrithe san áireamh.

**Litriú**:

Ní chuirtear litriú san áireamh agus measúnú á dhéanamh ar chaighdeán Gaeilge an iarrthóra. I gcás earráidí litrithe, ní chuirtear línte corracha cothrománacha faoi dhrochlitriú in aon áit sa script - Cluastuiscint, Ceapadóireacht, Léamhthuiscint ná sna freagraí litríochta.

**Cruinneas na Gaeilge**:

Maidir le **Gaeilge**, gearrfar pionós ar **bhotúin mhóra chomhréire** a chuireann struchtúr na teanga as riocht. Caithfear na gnéithe ainmnithe seo a leanas a chur san áireamh agus marc á bhronnadh ar an iarracht: Comhréir chruinn; Cruinnúsáid na Copaile; Cruinnúsáid aimsirí na mbriathra; Cruinnúsáid na réamhfhocal. Is ceart na mórbhotúin sin a mharcáil trí líne chorrach chothrománach a chur fúthu.

Ní chuirtear na gnéithe seo a leanas den ghramadach san áireamh agus measúnú á dhéanamh ar chaighdeán Gaeilge an iarrthóra: úsáid an uraithe; úsáid an tséimhithe; aontú ainmfhocal is aidiachtaí.

Cuirtear an Scéim Mharcála Mhodhnaithe i bhfeidhm sa mheasúnú ar Ghaeilge sna ranna seo a leanas:

- **An Chluastuiscint:** An mharcáil ar mheasúnú ar an nGaeilge [Gaeilge lochtach: 0-6 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh]
- **Páipéar 1: Cuid II: An Cheapadóireacht** - An measúnú ar Chumas Gaeilge as 40 marc
- **Páipéar 2: Ceist 1: An Léamhthuiscint** - An measúnú a dhéantar ar chaighdeán na Gaeilge sna freagraí [Léamhthuiscint A: Gaeilge lochtach: 0 - 5 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh agus Léamhthuiscint B: Gaeilge lochtach: 0 - 5 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh]
- **Páipéar 2: Ceist 2: An Prós** - An measúnú a dhéantar ar chaighdeán na Gaeilge sna freagraí próis [Gaeilge lochtach: 0 - 4 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh]
- **Páipéar 2: Ceist 3: An Fhilíocht** - An measúnú a dhéantar ar chaighdeán na Gaeilge sna freagraí filíochta [Gaeilge lochtach: 0 - 4 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh]

Ní mór don scrúdaitheoir an tsiombail anótála '**SMM**' a chur ar Pháipéar I ag tús na Cluastuisceana, Cuid A, agus ar chlúdach Pháipéar II nuair a chuirtear an Scéim Mharcála Mhodhnaithe i bhfeidhm.

**Páipéar 1: Cuid II: An Cheapadóireacht** - an measúnú ar Chumas Gaeilge as 40 marc

| **Aicme** | **Cur síos ar chatagóirí** | **Marc as 40** |
|---|---|---|
| Sármhaith | Cruinnúsáid shármhaith ghnéithe ainmnithe den ghramadach | 34-40 |
| An-mhaith | Cruinnúsáid an-mhaith ghnéithe ainmnithe den ghramadach | 28-33 |
| Maith | Cruinnúsáid mhaith ghnéithe ainmnithe den ghramadach | 22-27 |
| Maith go leor | Cruinnúsáid maith go leor ghnéithe ainmnithe den ghramadach | 16-21 |
| Lag | Cruinnúsáid lag ghnéithe ainmnithe den ghramadach | 10-15 |
| An-lag | Cruinnúsáid an-lag ghnéithe ainmnithe den ghramadach | 4-9 |
| Easnamhach | Cruinnúsáid easnamhach ghnéithe ainmnithe den ghramadach | 0-3 |

Leathanach Bán

Leathanach Bán